RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/344 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Feabhra 2021

maidir le monaláráit soirbíotáin a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speiceas ainmhí

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear d'údarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus do na forais agus na nósanna imeachta chun an t-údarú sin a dheonú. Foráiltear le hAirteagal 10 den Rialachán sin d'athmheastóireacht a dhéanamh ar bhreiseáin arna n-údarú de bhun Threoir 70/524/CEE ón gComhairle ([2]).

(2) Údaraíodh monaláráit soirbíotáin gan teorainn ama mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speiceas ainmhí i gcomhréir le Treoir 70/524/CEE. Ina dhiaidh sin cuireadh an breiseán sin i gClár na mbreiseán beathaithe mar tháirge a bhí ann cheana, i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 i gcomhar le hAirteagal 7 de, tíolacadh iarratas le haghaidh athmheastóireacht a dhéanamh ar mhonaláráit soirbíotáin mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speiceas ainmhí.

(4) D'iarr an t-iarratasóir go n-aicmeofaí an breiseán sin i gcatagóir na mbreiseán "breiseáin theicneolaíocha" agus sa ghrúpa feidhmiúil "eiblitheoirí". Bhí na sonraí agus na doiciméid a éilítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas.

(5) Chinn an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") ina thuairimí an 27 Feabhra 2019 ([3]) agus an 25 Bealtaine 2020 ([4]), faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe, nach bhfuil tionchar díobhálach ag monaláráit soirbíotáin ar shláinte ainmhithe, ar shábháilteacht tomhaltóirí ná ar an gcomhshaol. Tháinig sé ar an gconclúid freisin go bhfuil an breiseán ina ghreannaitheoir craicinn agus súl. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine a chosc, go háirithe maidir le húsáideoirí an bhreiseáin. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid chomh maith ós rud é go bhfuil monaláráit soirbíotáin údaraithe mar bhreiseán beathaithe a bhfuil feidhm eiblithe aige, go bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnach go bhféachfaí an éifeacht theicneolaíoch is bunús lena úsáid mar bhreiseán beathaithe nuair a úsáidtear i mbeatha é. Ní mheasann an tÚdarás go bhfuil gá le ceanglais shonracha maidir le faireachán iarmhargaidh. Rinne sé an tuarascáil ar na modhanna a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar an mbreiseán beathaithe arna cur isteach ag an Saotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 a fhíorú freisin.

(6) Léirítear leis an measúnú ar mhonaláráit soirbíotáin go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le húdarú, dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid monaláráit soirbíotáin a údarú.

(7) Ós rud é nach gá, ar chúiseanna sábháilteachta, na modhnuithe ar na coinníollacha údaraithe maidir le monaláráit soirbíotáin a chur i bhfeidhm láithreach, is iomchuí idirthréimhse a cheadú do na páirtithe leasmhara chun gur féidir leo iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as an údarú a chomhlíonadh.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.
([2]) Treoir 70/524/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1970 maidir le breiseáin in ábhair bheatha (IO L 270, 14.12.1970, lch. 1).
([3]) EFSA Journal [Iris EPSA], 2019;17(3):5651.
([4]) EFSA Journal [Iris EPSA], 2020;18(6):6162.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

An breiseán a shonraítear san Iarscríbhinn a bhaineann le catagóir na mbreiseán "breiseáin theicneolaíocha" agus leis an ngrúpa feidhmiúil "eiblitheoirí", údaraítear é mar bhreiseán i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Bearta idirthréimhseacha

1. An breiseán a shonraítear san Iarscríbhinn agus réamh-mheascáin a bhfuil an breiseán seo iontu, a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh 18 Meán Fómhair 2021 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh 18 Márta 2021, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.

2. Beatha cumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an breiseán iontu mar a shonraítear san Iarscríbhinn a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh 18 Márta 2022 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh 18 Márta 2021, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe..

3. Beatha cumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an breiseán iontu mar a shonraítear san Iarscríbhinn a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh 18 Márta 2023 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh 18 Márta 2021, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Feabhra 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíseach	Speiceas nó catagóir ainmhí	Aois uasta	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaraithe
					mg breiseáin/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir na mbreiseán teicneolaíoch. Feidhmghrúpa: eiblitheoirí								
1c493	Monaláráit soirbíotáin	*Comhdhéanamh an bhreiseáin* Ullmhóid mhonaláráit soirbíotáin ina bhfuil ≥ 95 % de mheascán de shoirbíotól, de shoirbíotáin agus d'eistir iseasoirbíde, eistearaithe le haigéid shailleacha arna ndíorthú ó ola chnó cócó. Foirm leachtach *Tréithriú na substainte gníomhaí* Monaláráit soirbíotáin Uimhir CAS: 1338-39-2 $C_{18}H_{34}O_6$ *Modh anailíseach* (1) Chun monaláráit soirbíotáin sa bhreiseán beathaithe a thréithriú: — FAO (Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe) JECFA (an Comhchoiste Saineolaithe maidir le Breiseáin i mBia) Monagraf 'Monaláráit Soirbíotáin'	Gach speiceas ainmhí	-	-	85	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireála teasa a shonrú. 2. I gcás úsáideoirí na mbreiseán agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as úsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta.	18 Márta 2031

(1) Tá sonraí faoi na modhanna anailíseacha ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://ec.europa.eu/jrc/en/eurl/feed-additives/evaluation-reports